An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Chnoc na Trócaire
Bóthar na Modh Feirme, Corcaigh
Uimhir Rolla: 62661U

Dáta na cigireachta: 23 Eanáir 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta: 23 & 24 Eanáir 2012	
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 6 thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Ar an iomlán, bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama an-mhaith. Breathnaíodh sár-chleachtas i gcás amháin.
- Bhí úsáid na Gaeilge i dtreis le linn na gceachtanna ar fad a breathnaíodh.
- Is iomaí deis a tapaíodh chun cleachtadh a thabhairt do scoláirí ar labhairt na Gaeilge agus is maith an rud é go bhfuil céimeanna glactha maidir le measunú ar an gcumas labhartha.
- Ghlac scoláirí páirt leanúnach in imeachtaí na gceachtanna.
- Tá stádas láidir ag an nGaeilge sa scoil. Tacaíonn imeachtaí comh- agus tras-churaclaim le cur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go mbainfí leas níos forleithne as áiseanna de chuid teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chomh maith le hacmhainní beo idirghníomhacha.
- Moltar go n-áireofaí cumas labhartha na scoláirí uile sa mheasúnú foirmeálta a dhéantar orthu.
- Moltar go leagfaí amach scéimeanna oibre níos cuimsithí a thabharfadh léargas níos soiléire ar obair na bliana agus a thacódh leis an bhféinmheastóireacht roinne agus aonair.

RÉAMHRÁ

Is meánscoil dheonach do chailíní é Coláiste Chnoc na Trócaire atá faoi choimirce CEIST. 732 scoláire atá cláraithe ar rolla na scoile. Ochtar múinteoirí atá ag gabháil do mhúineadh na Gaeilge

sa scoil seo. Déantar clár an Teastais Shóisearaigh agus clár na hArdteistiméireachta a sholáthar sa scoil. Ina theannta seo, soláthraítear clár na hIdirbhliana ar bhonn roghnach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí labhairt na Gaeilge i dtreis le linn na gceachtanna ar fad. Léirigh tuiscint na scoláirí ar chaint an mhúinteora agus ar chaint a chéile gurb í an Ghaeilge an gnáthmheán cumarsáide le linn ceachtanna. Bhí inniúlacht na scoláirí i labhairt na Gaeilge ag teacht lena raon cumais.
- Bhí na scoláirí lán-ghníomhach ó thús deireadh na gceachtanna. Breathnaíodh an cleachtas is fearr nuair a cinntíodh go bhfuair na scoláirí ar fad cleachtadh ar na ceithre scil teanga.
- Formhór mór an ama, bhí ceangal téamúil idir na gníomhaíochtaí a cleachtaíodh, rud a chinntigh go ndearnadh treisiú ar an teanga nua-shealbhaithe.
- Leag na múinteoirí i gcoitinne an bhéim chuí ar chruinneas na teanga: cruinneas gramadaí agus cruinneas foghraíochta. Cleachtas eile a léirigh ionchas ard na múinteoirí i dtaca le cumas a gcuid scoláiri ná an bhéim a leag cuid acu ar shealbhú múnlaí cainte agus frásaí saibhre. Moltar go ndéanfaí deimhin de go mbíonn múnlaí nua cainte á sealbhú ag scoláirí, de réir a n-acmhainne, ar bhonn leanúnach.
- Tá moladh ar leith ag dul do na múinteoiri úd a thapaigh deiseanna chun a gcuid scoláirí a chur i mbun tascanna idirghníomhacha. B'fhearr fós an cleachtas nuair a bhí sprioc ar leith le baint amach taobh istigh de theorainn ama ag na grúpaí oibre. Moltar go leathnófaí an dea-chleachtas seo chomh maith le cleachtais eile ina dtugtar ról níos lárnaí don scoláire i bpróiseas na foghlama.
- I gcás amháin, rinneadh iarracht inmholta ar leas a bhaint as acmhainní beo. Ar an iomlán, áfach, ba theoranta an leas a baineadh as acmhainní dá leithéid. Déantar moladh láidir go mbainfí leas níos forleithne as acmhainní beo idirghníomhacha de réir mar a thagann breis forbartha ar áiseanna TFC na scoile.
- Bhí atmaisféar na díograise agus na comhoibre ag baint leis na ceachtanna ar fad a breathnaíodh.
- Tá moladh tuillte ag na scoláirí a oibríonn go dian agus a chinntíonn go mbíonn slacht ar an obair a chuireann siad ar fáil. Ar an mbonn céanna tá moladh ag dul do na múinteoirí as an bhfuinneamh a thugann siad leo chun imeachtaí an ranga. Braitheadh i roinnt cásanna, áfach, gur mó an obair a bhí á dhéanamh ag múinteoirí ná ag a gcuid scoláirí. Is dá bhrí seo a mholtar go n-úsáidfí straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a chuirfeadh ar scoláirí breis freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin.
- Baineadh leas éifeachtach as an gceistiú chun leibhéal an tsealbhaithe teanga a mheas. Ba léir, i gcoitinne, go raibh forbairt tagtha ar chumas teanga na scoláirí faoi dheireadh na gceachtanna.
- Déantar monatóireacht rialta ar obair na scoláirí agus tá córas éifeachtach tuairisceoireachta i bhfeidhm. Déantar moladh láidir go leathnófaí na cleachtais mheasúnaithe chun go dtabharfaí breis aitheantais fós do chumas labhartha na scoláirí sóisearacha.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tacaíonn tráthchlár na scoile le teagasc agus foghlaim na Gaeilge.
- Déantar scoláirí a scagadh i rang-ghrúpaí ar bhealach a thugann gach deis dóibh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an leibhéal is airde a oireann dá raon cumais.
- Tá díolúine ó staidéar na Gaeilge ag 6% den díorma iomlán scoláirí. Déantar na scoláirí seo a bhainistiú ar chaoi a chinntíonn go mbíonn siad fós ag foghlaim tráth a bhíonn na ranganna Gaeilge ar siúl.
- Tá stádas láidir ag an nGaeilge sa scoil. Is ábhar sásaimh é go bhfuil dearcadh dearfach i leith na Gaeilge á chothú sna scoláirí i gcoitinne. Is mór an taca é an clár leathan d'imeachtaí comh- agus tras-churaclaim a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn lasmuigh den seomra ranga.
- Aithníonn na múinteoirí an fiúntas a bhaineann le himeachtaí foirmeálta um fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Is iomaí múinteoir a chaitheann tréimhsí sa Ghaeltacht gach bliain rud a chinntíonn go mbíonn na scileanna teanga cuí acu chun tabhairt faoina ndualgaisí teagaisc.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tugann plean na Gaeilge léargas sásúil ar an méid a dhéantar i dtaca leis an nGaeilge sa scoil. Moltar go ndéanfaí cleachtais a aontú maidir le húsáid an Bhéarla le linn ceachtanna Gaeilge agus go ndéanfaí é a chlárú sa phlean. Moltar leis go mbeadh an fhéinmheastóireacht roinne fite fuaite sa phróiseas um phleanáil ábhair.
- Tá gá le soiléiriú a dhéanamh sna scéimeanna oibre ar na topaicí a chlúdaítear ag tráthanna áirithe den scoilbhliain, ar na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le próiseas na foghlama agus an teagaisc agus ar na cleachtais mheasúnaithe a chuirtear i bhfeidhm ag an leibhéal ranga.
- Rinne gach múinteoir an t-ullmhúchán cuí chun go mbainfí spriocanna an cheachta amach. Breathnaíodh dea-chleachtas nuair ba léir réamh-mhachnamh a bheith déanta ar na gníomhaíochtaí ab oiriúnaí chun scoláirí a chur ag cleachtadh na teanga nua-shealbhaithe. B'fhearr fós an cleachtas nuair a dearadh acmhainní ar nós cártaí oibre agus luaschártaí mar threoir do na scoláirí agus iad i mbun oibre.
- Coimeádann gach múinteoir cuntas cuimsitheach ar thinreamh agus ar ghnóthachtáil scoláirí aonair. Tá fiúntas ar leith ag baint le cleachtas a breathnaíodh i gcás amháin ina bhfuil nótaí comhairle breactha síos i ndialann bunaithe ar athbhreithniú leanúnach a dhéantar ar chaighdeán foghlama na scoláirí.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Gaeilge.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Foilsithe Samhain 2012